

Plean Teanga Chois Fharráige 2016-2023

Na Forbacha – Ros a'Mhíl

Suirbhé ar Thuismitheoirí – Ceistneoir Do Thuismitheoirí le páistí 19 mbliana d'aois agus faoina bhun Foirm amháin le líonadh ag gach teaghlach

Tá an Suirbhé seo ar siúl le cuidiú le Plean Teanga a fhorbairt do cheantar Chois Fharráige (Na Forbacha go Ros a'Mhíl). Tá i gceist próifíl a tharraingt de nósmaireachtaí teanga theaghlach an cheantair. Ní úsáidfead ainm ar bith sa Suirbhé seo. Cuideoidh an t-eolas le Plean a dhearadh le cur le húsáid na Gaeilge mar theanga phobail sna blianta ó 2016 go 2023. Is leor ceann amháin in aghaidh an teaghlach a líonadh. Más teaghlach aon tuismitheora an teaghlach, nó más le tuismitheoir amháin a chónaíonn na páistí go hiondúil, is leor aiseolas ón tuismitheoir sin. Tá muid an-bhuíoch as an gcomhoibriú uait/uaibh i líonadh an tSuirbhé seo agus é a líonadh ar bhealach chomh hiomlán 's is féidir.

Líon páistí sa gClann	Aois agus inscne an pháiste is óige		Aois agus inscne an pháiste is sine	
	Aois	Inscne	Aois	Inscne
		Fireann <input type="checkbox"/> Baineann <input type="checkbox"/>		Fireann <input type="checkbox"/> Baineann <input type="checkbox"/>

Cén áit arb as thú/sibh ó thúis?

1. Cén áit a tógadh tú / sibh?

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
Gaeltacht Chonamara		
Gaeltacht eile		
Éire (Taobh amuigh den Ghaeltacht). Cén Contae?		
Taobh amuigh d'Éirinn. Cén Tír?		

Sibh Féin, bhur dTeaghlach agus an Ghaeilge

2. **Aithreacha Amháin: Cén teanga a labhair do thuismitheoirí leat is tú i do pháiste?**

Cuir X sa mbosca cúí.	D'Athair	Do Mháthair
Gaeilge amháin		
Gaeilge den chuid is mó		
Béarla den chuid is mó		
Béarla amháin		
Teanga(cha) eile		

3. **Máithreacha amháin: Cén teanga a labhair do thuismitheoirí leat is tú i do pháiste?**

Cuir X sa mbosca cúí.	D'Athair	Do Mháthair
Gaeilge amháin		
Gaeilge den chuid is mó		
Béarla den chuid is mó		
Béarla amháin		
Teanga(cha) eile		

4. **Cén teanga a labhraíonn sibhse, na tuismitheoirí, lena chéile go hiondúil?**

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair le Máthair	Máthair le hAthair
Gaeilge amháin		
Gaeilge den chuid is mó		
Béarla den chuid is mó		
Béarla amháin		
Teanga(cha) eile		

5. **Cén teanga a labhraíonn sibh le bhur bpáiste/í**

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair		Máthair	
	Páiste is Sine	Páiste is óige	Páiste is Sine	Páiste is óige
Gaeilge amháin				
Gaeilge den chuid is mó				
Béarla den chuid is mó				
Béarla amháin				
Teanga(cha) eile				

6. Cén teanga a labhraíonn do pháiste(í) libhse, na tuismitheoirí go hiondúil?

Cuir X sa mbosca cúí.	Leis an Athair		Leis an Máthair	
	Páiste is Sine	Páiste is óige	Páiste is Sine	Páiste is óige
Gaeilge amháin				
Gaeilge den chuid is mó				
Béarla den chuid is mó				
Béarla amháin				
Teanga(cha) eile				

7. Cén teanga a labhraíonn do pháistí lena chéile?

Cuir X sa mbosca cúí.	
Gaeilge amháin	
Gaeilge den chuid is mó	
Béarla den chuid is mó	
Béarla amháin	
Teanga Eile (Luaigh an Teanga)	
Eile. Mínigh le do thoil.	

8. An ndearna tú/sibh cinneadh d'aon turas maidir le cén teanga/acha a labhródh tú/sibh le do/bhur bpáiste/í?

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
Rinne		
Ní dhearna (Téigh go Ceist a 11)		

9. Má rinne tú cinneadh Gaeilge a labhairt le do pháiste/í cén fáth a ndearna tú an cinneadh sin?

Cuir uimhir 1-3 san boscaí cúí san ord is tábhachtaí duit/daoibh.	Athair	Máthair
Is í an teanga a labhraíonn mo mhuintir í		
Is í an teanga a labhraíonn mo chéile den chuid is mó		
Tá buntáiste oideachasúil ag baint leis an nGaeilge		
Tá buntáiste eacnamaíochta ag baint leis an nGaeilge		
Is í an teanga a labhraíonn mórán chuile theaghlach sa gceantar		
Is í an teanga is nádúrtha dom a labhairt le mo pháiste/í		
Is í sin an teanga is mian liom a labhairt le mo pháiste/í		
Is mian liom cur le leanúnachas teanga na Gaeltachta		
Eile, mínigh le do thoil		

10. Má rinne tú cinneadh Béarla a labhairt le do pháiste/í cén fáth a ndearna tú an cinneadh sin?

Cuir uimhir 1-3 san boscaí cuí san ord is tábhachtaí duit/daoibh	Athair	Máthair
Is í an teanga a labhraíonn mo mhuintir í		
Is í an teanga a labhraíonn mo chéile den chuid is mó		
Tá buntáiste oideachasúil ag baint leis an mBéarla		
Tá buntáiste eacnamaíochta ag baint leis an mBéarla		
Is í an teanga a labhraíonn mórán chuile theaghlach sa gceantar		
Is í an teanga is nádúrtha dom a labhairt le mo pháiste/í		
Is í sin an teanga is mian liom a labhairt le mo pháiste/í		
Is mian liom cur le leanúnachas teanga na Gaeltachta		
Eile, mínigh le do thoil		

Cúram Leanaí

11. Cé a thugann aire do na páistí nuair nach mbíonn siad ar Scoil/Naíonra?

Cuir X sa mbosca cuí.	
Muid féin sa mbaile	
Au Pair	
Mamó – Daideo	
Gaol(ta) Eile	
Duine Áitiúil	
Eile	

12. Má tá aire á thabhairt do na páistí sa mbaile, cén teanga a labhraítear leo?

Cuir X sa mbosca cuí. <i>Place X in appropriate box.</i>	
Gaeilge amháin	
Gaeilge den chuid is mó	
Béarla den chuid is mó	
Béarla amháin	
Teanga(cha) eile	

- 13.** Má tá aire á thabhairt do na páistí taobh amuigh den teaghlach, cén teanga a labhraítear leo san ionad seo?

Cuir X sa mbosca cúí.

Gaeilge amháin	
Gaeilge den chuid is mó	
Béarla den chuid is mó	
Béarla amháin	
Teanga(cha) eile	
Eile Mínigh led 'thoil	

Páiste/í agus Gníomhaíochtaí Sóisialta

- 14.** An bhfuil do pháiste/í páirteach in aon ghníomhaíochtaí sóisialta. Má sea, liostáil na 3 príomh ghníomhaíochtaí

1,2,3

Cluichí Gaelacha	
Sacair / Rugbaí	
Snámh	
Ealaíon	
Ceol/Damhsa	
Club/Grúpa Óige	
Eile: Cur Síos le do thoil	

- 15.** Cén teanga trína bhfeidhmíonn na príomh imeachtaí seo (*Roghnaigh freagra amháin i ngach cás*).

Cuir X sa mbosca cúí.	Gníomhaíocht 1 (Mar a roghnaíodh in 14 thuas)	Gníomhaíocht 2 (Mar a roghnaíodh in 14 thuas)	Gníomhaíocht 3 (Mar a roghnaíodh in 14 thuas)
Gaeilge amháin			
Gaeilge den chuid is mó			
Béarla den chuid is mó			
Béarla amháin			

- 16.** Cén áit a mbíonn do pháiste ag freastal ar an imeacht/aí? (e.g. Ros A'Mhíl, An Cnoc, An Spidéal, Gaillimh etc.)

Gníomhaíocht 1 (Mar a roghnaíodh in 14 thuas)	Gníomhaíocht 2 (Mar a roghnaíodh in 14 thuas)	Gníomhaíocht 3 (Mar a roghnaíodh in 14 thuas)

Bhur gCumas Féin sa nGaeilge

17. Cén cumas labhartha sa nGaeilge agus i dteangacha eile atá agaibh?

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
Cainteoir dúchais ón nGaeltacht (Lean ort go Ceist 20)		
Cainteoir líofa nár tógadh sa nGaeltacht		
Cainteoir réasúnta ach ní líofa		
Cúpla focal nó beagán Gaeilge agam (Lean ort go Ceist a 19)		
Fíor-bheagán Gaeilge (Lean ort go Ceist a 19)		
Líofa i dteanga(cha) eile seachas Béarla, luaigh an teanga		

18. Más cainteoir Gaeilge thú, ach nach cainteoir dúchais thú, agus a bhfuil Gaeilge líofa nó réasúnta líofa agat anois, cá bhfuair tú do chuid Gaeilge? Déan cur síos air le do thoil. (Ansin ar aghaidh leat go Ceist a 20)

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
Sa mbaile		
Ar Scoil/Breisoideachas taobh amuigh den nGaeltacht		
Ranganna Gaeilge sa nGaeltacht		
Ó Chairde		
Ón bPobal áitiúil sa nGaeltacht		
Coláiste Samhraidh/Eagras Gaeilge		
Pósta isteach i dteaghlach le Gaeilge		
Eile, Déan cur síos le do thoil.		

- 19.** Mura bhfuil tú líofa i nGaeilge, inis faoi iarrachtaí a rinne tú, má rinne, chun Gaeilge a fhoghlaim, ó tháinig tú chun cónaithe sa gceantar, go háirithe

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
Cúrsa Gaeilge		
Labhairt le cainteoirí níos cumasaí ná mé féin		
Labhairt le comhoibrithe		
Eile – Déan cur síos.		

- 20.** Aon tuairimí agat/agaibh maidir leis an gcaoi is fearr le deiseanna foghlamtha na Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine a thagann chun cónaithe sa gceantar?

Na Meáin Gaeilge

- 21.** Cé chomh minic 's a léann tú ábhar i nGaeilge?

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
Go minic		
Go hannamh		
Riamh		

- 22.** Cé chomh minic 's a éistíonn tú le Raidió na Gaeltachta?

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
Go minic		
Go hannamh		
Riamh		

Cá bhfuil cónaí ort/oraibh?

- 23.** Ainm an Bhaile Fearainn ina bhfuil cónaí ort *Name of the Townland in which you live*

Amach Anseo

- 24.** Táthar á rá go mb'fhéidir nach mairfidh an Ghaeltacht, cé chomh tábhachtach is atá sé duitse go mbeidh an ceantar seo ina Ghaeltacht amach anseo?

Cuir X sa mbosca cúí.	Athair	Máthair
An-tábhachtach		
Tábhachtach		
Ar bheagán tábhacht		
Níl sé tabhachtach domsa		

- 25.** Moladh ar bith agaibh féin? Céard a d'fhéadfaí a dhéanamh sa gceantar, agus a chur sa bPlean Teanga, a chuideodh le Pobal bríomhar Gaeilge a chothú idir seo agus 2023?

Críoch.
Go raibh míle maith agaibh!

Seol an fhoirm arais roimh chuig an Scoil/Naíonra/Naíolann
roimh 30 Samhain le do thoil

Má tá aon cheist agat maidir leis an bhfoirm seo, nó má theastaíonn uait eolas nó
pointní breise a thabhairt, níl ort ach ríomhphost a sheoladh chuig
ptchoisfharraige@gmail.com
nó glaoch ar 087 2035470